



**Comhad Idirinstiúideach:
2024/0006(COD)**

**SOC 426
EMPL 245
GENDER 111
MI 578
COMPET 620
DATAPROTECT 234
CODEC 1447
IA 137**

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal náisiúnta – <i>Cur chuige ginearálta</i>

I. RÉAMHRÁ

Leagtar síos le Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ na híoscheanglais maidir le comhlachtaí ionadaíochta fostaithe a chur ar bun agus a oibriú i ngnóthais ilnáisiúnta áirithe, ar comhlachtaí iad ar a dtugtar Comhairlí Oibreacha Eorpacha. Cuireann EWCanna agus nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta le nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal náisiúnta

¹ Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (Athmhúnlú) (IO L 122, 16.5.2009, lch. 28).

. An 24 Eanáir 2024, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir sin². Is é is aidhm don togra seo dul i ngleic leis na heasnamh sa Treoir, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar éifeachtacht an chreata chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta.

Leis an togra seo, freagraíonn an Coimisiún don rún féintionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa le moltaí don Choimisiún maidir le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha³, i gcomhréir leis an tiomantas polaitiúil a chuir Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, in iúl chun freagairt do rúin na Parlaiminte atá bunaithe ar Airteagal 225 CFAE le togra reachtach, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr.

Tá sé beartaithe leis an togra aghaidh a thabhairt go háirithe ar na heasnamh seo a leanas a shainaithin an Coimisiún:

- Easpa cur i bhfeidhm na Treorach i ngnóthais inar ann do shean-chomhaontuithe maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta;
- Easpa cothromaíochta inscne sna Comhairlí Oibreacha Eorpacha;
- Easpa idirphlé iontaofa, thráthúil agus fhiúntaigh idir an bhainistíocht agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha, go háirithe i gcás nach dtugann an bhainistíocht freagra réasúnaithe ar thuairimí na gComhairlí sin sula nglacann sí cinneadh maidir le cúrsaí trasnáisiúnta;
- Éiginnteacht dhlíthiúil maidir le cumhdach acmhainní na gComhairlí Oibreacha Eorpacha agus maidir leis na coinníollacha faoinar féidir leis an mbainistíocht a cheangal go ndéileálfar go rúnda le faisnéis, nó faoinar féidir leis an mbainistíocht a dhiúltú faisnéis áirithe a nochtadh do na Comhairlí sin;
- I gcásanna áirithe, easpa leigheasanna éifeachtacha agus easpa rochtana ar cheartas do shealbhóirí ceart faoin Treoir;
- I gcásanna áirithe, easpa smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach go leor i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta.

² 5837/24 + ADD1

³ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 le moltaí don Choimisiún i ndáil le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha (2019/2183(INL)).

Faoin mbunús dlí ábhartha, i.e. Airteagal 153(2), pointe (b) CFAE, i gcomhar le pointe (e) d'Airteagal 153(1) de, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuarascáil an 9 Aibreán 2024⁴. Níor ghlac sí sainordú go fóill.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir leis an togra an 30 Bealtaine 2024⁵. Tá cinneadh déanta ag Coiste na Réigiún gan tuairim a thabhairt.

II. STAID NA HIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

Tar éis an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta⁶, chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe⁷. Tháinig an Coiste sin ar chomhaontú an 5 Meitheamh 2024 maidir leis an téacs comhréitigh mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo agus chinn sé é a chur faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta. An 5 Meitheamh, tugadh tacaíocht leathan don téacs comhréitigh sin.

Le linn na hoibre ullmhúcháin, rinneadh an chéad athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar an téacs. Rinneadh meastóireacht ar mheasúnú tionchair an Choimisiúin⁸ sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta⁹.

⁴ 758777EN

⁵ 10596/24

⁶ Tionóladh cruinnithe an 8, an 26 agus an 28 Feabhra, an 11 agus an 29 Aibreán 2024.

⁷ 10437/24

⁸ 5837/24 ADD4

⁹ 10437/24 ADD1

III. AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

Is iad seo a leanas na príomhathruithe a mholann an Uachtaránacht i ndáil leis an togra ón gCoimisiún:

1. Raon feidhme maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (Airteagal 1(1) agus aithris 5)¹⁰

Rinne an Uachtaránacht raon feidhme na hoibleagáide maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a shoiléiriú a thuilleadh tríd an gcoincheap ‘cúrsaí trasnáisiúnta’ in aithris 5 a bheachtú trí níos mó sonraí a thabhairt faoi na cúrsaí a mheasfar a bheith trasnáisiúnta.

Soiléiríodh a thuilleadh gur cheart a fhionnadh go hoibiachtúil an féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh beart difear d’oibrithe.

2. Ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de (Airteagal 1 (3) (a), (4) (b) agus aithris 10

Coinníodh an oibleagáid iarracht a dhéanamh comhdhéanamh atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach i gcomhlachtaí caibidlíochta speisialta agus sna Comhairlí Oibreacha Eorpacha, ach tugadh chun suntais gur cheart é sin a dhéanamh gan dochar do na dlíthe ná do na cleachtais náisiúnta maidir le hionadaithe fostaithe a thoghadh agus a cheapadh.

3. Cúiseanna le rúndacht agus neamh-tharchur faisnéise (Airteagal 1 (6) - (7), aithrisí 12 agus 13)

Soiléiríodh nach féidir a cheangal go gcaitear le faisnéis mar fhaisnéis rúnda nó go gcoinnítear siar í ach amháin a fhad a mhaireann na cúiseanna a thugann údar leis na teorainneacha sin ar an gceart chun faisnéise.

¹⁰ Tagairtí i ndáil le forálacha na Treorach leasaithe

4. Forálacha sonracha maidir le maraithe a chur isteach (Airteagal 1(8))

Cuireadh forálacha sonracha maidir le maraithe san áireamh, lena n-athbhunaítear focal ar fhocal an téacs a cuireadh leis an Treoir seo trí bhíthin Airteagal 2 de Threoir (AE) 2015/1794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leasaítear Treoracha 2008/94/CE, 2009/38/CE agus 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoracha 98/59/CE agus 2001/23/CE ón gComhairle, maidir le maraithe.

5. Pionóis (Airteagal 1 (9) (a), aithris 18)

Rinneadh na rialacha maidir le pionóis a chuíchóiriú. Go háirithe, scriosadh na forálacha tosaigh lena leagtar amach go mionsonrach an chaoi a bhfuil pionóis le cinneadh ag na Ballstáit, agus an tagairt in aithris 18 fós á coinneáil do thosca ar nós mhéid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar scála an Chomhphobail (mar shampla, bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil), tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona, ar féidir iad a chur san áireamh agus na pionóis á gcinneadh.

6. Rochtain ar imeachtaí (Airteagal 1 (9) (bb), aithrisí 17, 18a)

Neartaíodh an smaoineamh nár mhór do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar rochtain éifeachtach ar imeachtaí breithiúnacha nó, i gcás inarb ábhartha, ar imeachtaí riaracháin chun na cearta a shanntar do na Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus do chomhlachtaí speisialta caibidlíochta a fhorfheidhmiú, gan dochar do dhlíthe náisiúnta ná don seasamh dlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith acu. Áirítear leis sin costais a chumhdach le haghaidh ionadaíocht dhlíthiúil agus rannpháirtíocht sna himeachtaí sin trí ghníomhaíocht arna déanamh ag an lucht lárbhainistíochta nó trí bhearta eile a bheidh le déanamh ag na Ballstáit.

7. Imeachtaí idirthréimhseacha (Airteagal 1(12), aithris 20a)

Rinneadh Airteagal 14a nua den Treoir leasaithe a chuíchóiriú, lenar leagadh amach gur féidir leis an lucht lár bhainistíochta agus 100 fostaí, ar a laghad, iarraidh a dhéanamh ar chomhaontú nua de chuid Comhairle Oibreacha Eorpacha a chaibidil i gcás nach bhfuil an seanchomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2009/38/CE arna mhodhnú leis an Treoir leasaitheach seo. Soiléiríodh freisin nach mór do na páirtithe i gcomhaontuithe de chuid Comhairle Oibreacha Eorpacha, nó na páirtithe i gcomhaontuithe i ndáil le nósanna imeachta maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, na híoscheanglais is infheidhme i dTreoir 2009/38/CE a urramú in aon chás.

8. Raon feidhme maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo sna ceanglais choimhdeacha (Iarscríbhinn (1) (aa))

Cuireadh isteach tagairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach mar leasú nua ar Threoir 2009/38/CE.

IV. CONCLÚID

Creideann an Uachtaránacht gur comhréiteach maith cothrom é an téacs atá san Iarscríbhinn, agus tuairimí éagsúla na dtoscaireachtaí á gcur san áireamh.

Iarrtar ar an gComhairle (EPSCO) teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo é agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíocht le hionadaithe Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcomhad.

Togra le haghaidh

TREOIR (AE) .../2024

Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an...

lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus oibriú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (e), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹¹ IO C , , lch. .

¹² IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 27 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór a ráthú go gcuirfear oibrithe nó a n-ionadaithe ar an eolas agus go rachfar i gcomhairle leo in am trátha, ar na leibhéal iomchuí, agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta. Athdhearbhaítear le Prionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag oibrithe nó ag ionadaithe oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo maidir le hábhair a bhaineann leo.
- (2) Maidir le cúrsaí trasnáisiúnta, féachann Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ le héifeacht phraiticiúil a thabhairt do na bunphrionsabail sin trí íoscheanglais a leagan síos maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, ar fostaithe iad atá i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail.
- (3) Deimhníodh i meastóireacht ar Threoir 2009/38/CE a foilsíodh in 2018 breisluach agus ábharthacht **na Treorach sin** i bprionsabal, ach sainaithníodh ann freisin easnaimh maidir le, mar shampla, éifeachtacht an phróisis chomhairliúcháin, rochtain ar cheartas, smachtbhannaí, agus léirmhíniú coincheap áirithe.
- (4) In 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), rún reachtach féintionscnaimh ina raibh moltaí maidir le hathbhreithniú ar Threoir 2009/38/CE¹⁴, agus thug an Coimisiún faoi chomhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 154 CFAE maidir leis an ngá atá leis na bearta, mar aon leis an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar easnaimh na Treorach sin trí ábhar na mbeart. Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún fianaise trí staidéar ina ndearnadh suirbhé spriocdhírthe ar líne, agallaimh le páirtithe leasmhara, ceardlanna, anailís ar chásdlí náisiúnta agus ar fhorálacha ábhartha i ndlíthe náisiúnta na mBallstát.

¹³ Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 122, 16.5.2009, lch. 28, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/38/oj>).

¹⁴ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha (2019/2183(INL)).

- (5) Léirítear san fhianaise go bhfuil difríochtaí sa léirmhíniú agus i ndíospóidí mar thoradh ar an éiginnteacht dhlíthiúil maidir leis an gcoincheap ‘cúrsaí trasnáisiúnta’. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an baol a bhaineann le díospóidí mar sin a laghdú, ní mór an coincheap sin a shoiléiriú. Chuige sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart, sa Treoir seo, ní hamháin cásanna a chumhdach inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh bearta arna mbreithniú ag bainistíocht gnóthais difear dá fostaithe i níos mó ná Ballstát amháin, ach cásanna inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta freisin nach ndéanfadh na bearta sin difear d’fhostaithe de chuid an ghnóthais sin ach i mBallstát amháin, ach gur féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh iarmhairtí na mbeart sin difear dá fhostaithe i mBallstát amháin eile ar a laghad. Tá gá leis sin chun cásanna a chumhdach ina mbeartaíonn gnóthais bearta a dhéanamh, mar shampla dífhostú, iomarcaíochtaí nó leithdháileadh gníomhaíochtaí táirgthe agus seachfhoinsiú gníomhaíochtaí, ar bearta iad a dhíríonn go sainráite ar bhunaíochtaí i mBallstát amháin ach ar féidir coinne a bheith leis go réasúnta, mar sin féin, go mbeidh iarmhairtí acu a dhéanfadh difear d’fhostaithe an ghnóthais sin i mBallstát eile, mar shampla de bharr athruithe sa slabhra soláthair trasteorann nó sna gníomhaíochtaí táirgthe trasteorann. Cumhdaítear leis an gcoincheap ‘cúrsaí trasnáisiúnta’ na bearta sin a d’fhéadfadh difear substaintiúil a dhéanamh d’fhostaithe, i.e. ar bhealach nach ndéanann difear dóibh ar dhóigh fánach agus nach mbaineann le fostaithe aonair ná le gnáthchinntí oibríochtúla amháin. Ba cheart caighdeán na réasúntachta a fhionnadh go hoibiachtúil, ag féachaint do chineál agus do chuspóir na mbeart atá beartaithe agus d’imthosca an cháis.
- (6) Áirítear ceanglais normatacha sna sainmhínithe ar ‘fostaithe a chur ar an eolas’ agus ‘dul i gcomhairle le fostaithe’ i dTreoir 2009/38/CE. Ar mhaithe leis an gcomhleanúnachas agus an tsoiléireacht dhlíthiúil, is iomchuí na forálacha normatacha sin a leagan síos sna hairteagail lena leagtar síos cearta agus oibleagáidí mar sin.

- (7) D'fhéadfadh comhairle dlí a bheith ag teastáil ó chomhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta chun na cúraimí atá orthu a dhéanamh faoi Threoir 2009/38/CE. Mar sin féin, níl sé soiléir go leor go bhfuil siad i dteideal go n-íocfar na táillí dlíthiúla gaolmhara dóibh. D'fhonn cumhdach mar sin a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go n-íocfaidh an lucht lárbhainistíochta as na costais arna dtabhú ag comhalta de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, agus ba cheart don chomhalta sin an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi na costais roimh ré. Is iomchuí an oibleagáid sin a theorannú do chostais dlí réasúnta chun a áirithiú nach mbeidh an bhainistíocht faoi dhliteanas maidir le costais atá go hiomlán díreireach, ar costais nach bhfuil nasc cuí acu le soláthar comhairle dlí ábhartha, nó costais a bhaineann le héilimh ar follasach go bhfuil siad gan bhunús, atá suaibhreasach, nó cráiteach. Thairis sin, le Treoir 2009/38/CE, tugtar lánrogha do na Ballstáit rialacha buiséadacha a leagan síos maidir le feidhmiú comhlachtaí speisialta caibidlíochta agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha bunaithe ar cheanglais choimhdeacha, ag féachaint don phrionsabal nach mór don lucht lárbhainistíochta na costais a bhaineann le stiúradh iomchuí fheidhmeanna an bhoird speisialta caibidlíochta a íoc. Dá bhrí sin, tá na forálacha lena dtagraítear do líon na saineolaithe atá le cistiú ag an lucht lárbhainistíochta iomarcach, agus ba cheart iad a scriosadh. I gcás nach eol méid beacht na speansas roimh ré, ba cheart meastachán ar na costais, lena n-áirítear faisnéis faoi chineál an chostais, a chur in iúl don lucht lárbhainistíochta.
- (8) Le Treoir 2009/38/CE, ceanglaítear ar na páirtithe i gcomhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha ionad chruinnithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha a chinneadh. Is iomchuí a shonrú go bhfuil siad chun formáid na gcruinnithe sin a chinneadh freisin, bíodh sé ar an láthair, ar líne nó hibrideach, go háirithe chun aon amhras a sheachaint maidir lena saoirse chun teacht ar chomhaontú go dtionólfar cuid de na cruinnithe nó na cruinnithe go léir i dtimpeallacht fhíorúil, trí uirlisí cruinnithe ar líne a úsáid, lorg comhshaoil na gcruinnithe a laghdú i gcomhréir le spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais, na mBallstát agus na gcuideachtaí, agus comhroinnt fhóinteach éifeachtúil maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar chostais chomhshaoil agus airgeadais níos ísle ar thaobh amháin á háirithiú ag an am céanna, agus an fhéidearthacht cruinnithe fisiciúla a thionól lena féidir timpeallacht iontaofa rúnda a chur ar fáil do chruinnithe agus lena dtugtar an deis malartuithe a dhéanamh go pearsanta.

- (9) D'fhéadfadh éiginnteacht agus díospóidí a bheith ann maidir le costais áirithe a chumhdach agus maidir le rochtain a fháil ar acmhainní áirithe le linn fheidhmiú na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. I gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas na bpáirtithe, is iomchuí a cheangal go ndéanfar cineálacha áirithe acmhainní airgeadais agus ábhair a chinneadh go sonrach i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha, is é sin an cúnamh a d'fhéadfaí a bhaint as saineolaithe – ar nós saineolaithe teicniúla ábhair nó saineolaithe dlí – mar aon le táillí saineolaithe a chumhdach. Ina theannta sin, ba cheart aghaidh a thabhairt sna comhaontuithe ar oiliúint ábhartha a chur ar fáil do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, agus ar speansais ghaolmhara a chumhdach, gan dochar don íoscheanglas dá bhforáiltear in Airteagal 10(4) de Threoir 2009/38/CE.

(10) Maidir leis an gceanglas dá bhforáiltear i dTreoir 2009/38/CE go gcuirfí san áireamh, i gcás inar féidir, an gá atá le hionadaíocht chothrom fostaithe ó thaobh a n-inscne de agus comhdhéanamh na gComhairlí Oibreacha Eorpacha á chinneadh, is neamhleor é chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn. Tá mná fós faoi ghannionadaíocht i bhformhór na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. Dá bhrí sin, is gá cuspóirí níos éifeachtaí agus níos sonraí a leagan síos maidir le hionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de, ar cuspóirí iad a bheidh le cur chun feidhme ag an mbainistíocht agus ag ionadaithe fostaithe nuair a bheidh a gcomhaontuithe á gcaibidil nó á n-athchaibidil. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá i gcásanna áirithe le tosaíocht a thabhairt don inscne tearcionadaithe nuair a dhéantar an Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó a roghchoiste a chomhdhéanamh. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh¹⁵, is féidir gníomhaíocht dhearfach den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná, ar choinníoll nach dtugtar tosaíocht go huathoibríoch agus gan choinníoll do dhaoine d'inscne áirithe trí na bearta a dhéantar chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, ach gur féidir critéir eile a chur san áireamh, ar nós tuillteanais agus cáilíochtaí, mar aon leis an nós imeachta toghcháin arna bhunú leis na dlíthe ábhartha. Dá bhrí sin, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na páirtithe i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha chun na srianta dlíthiúla agus fíorasacha ar an ngníomhaíocht dhearfach a urramú. Gan dochar do na dlíthe agus do na cleachtais náisiúnta maidir le hionadaithe fostaithe a thoghadh agus a cheapadh, ba cheart socrúithe a áireamh sna comhaontuithe chun oibriú i dtreo comhdhéanamh a bheith ag an gComhairle Oibreacha Eorpacha a bheadh cothrom ó thaobh inscne de. D'fhéadfaí a áireamh leis sin conair fáis i dtreo comhdhéanamh a bheith ag an gComhairle Oibreacha Eorpacha atá cothrom ó thaobh inscne de, a bhféadfadh cuspóirí forchéimnitheacha idirmheánacha a bheith mar chuid de. Ina theannta sin, i gcás breithnithe comhchosúla, is iomchuí céimeanna a éileamh chun comhdhéanamh an chomhlachta speisialta caibidlíochta a bheidh cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, chun an cuspóir sin a chur chun cinn le linn chéim na caibidlíochta, fíú.

¹⁵ Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Márta 2000, *Badeck agus Eile*, C-158/97, ECLI:EU:C:2000:163.

- (11) Léirítear san fhianaise go gcuirtear moill uaireanta ar thionscnamh na caibidlíochta thar an tréimhse 6 mhí a leagtar amach i dTreoir 2009/38/CE. I gcásanna áirithe, ní thugann an bhainistíocht céimeanna ná ní dhiúltaíonn sí go sainráite, ach oiread, tús a chur le caibidlíocht tar éis iarraidh go ndéanfar Comhairle Oibreacha Eorpacha a bhunú. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú go mbeidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a leagtar síos i dTreoir 2009/38/CE i gcás nach dtionóltar an chéad chruinniú den chomhlacht caibidlíochta speisialta laistigh de 6 mhí tar éis na hiarrata go mbunófaí Chomhairle Oibreacha Eorpacha, gan beann ar cibé acu a dhiúltaíonn nó nach ndiúltaíonn an lár bhainistíocht tús a chur leis an gcaibidlíocht go sainráite.
- (12) Agus faisnéis íogair á comhroinnt le comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, is féidir leis mbainistíocht foráil a dhéanamh go roinnfear an fhaisnéis ar bhealach rúnda agus nár cheart í a nochtadh a thuilleadh. Agus faisnéis á comhroinnt ar bhealach rúnda, ba cheart ceangal a chur ar an lár bhainistíocht údar réasúnta a chur ar fáil ag an am céanna. Níor cheart cloí leis an rúndacht ach chomh fada agus a mhaireann na cúiseanna léi. Trí shocruithe leordhóthanacha a chur ar bun chun rúndacht faisnéise íogaire a chosaint, féadfar muinín a chothú agus comhroinnt na faisnéise sin a éascú, agus leasanna gnó agus fostaithe á gcosaint, lena n-áirítear rioscaí atá ag dul i méid a sheachaint, mar shampla spaireacht thionsclaíoch.
- (13) Maidir leis an deis a bhíonn ag an lár bhainistíocht gan faisnéis a tharchur chuig comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta, chuig comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó chuig ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, ba cheart sin a theorannú do chásanna ina ndéanadh an tarchur sin dochar tromchúiseach d'fheidhmiú na ngnóthas lena mbaineann. Ar chúiseanna trédhearcachta agus sásaimh éifeachtaigh, ba cheart a cheangal ar an lár bhainistíocht freisin na cúiseanna lena dtugtar údar le neamh-tharchur faisnéise a shonrú ar bhealach cothrom lena gceadaítear grinnscrúdú dlíthiúil leordhóthanach, gan faisnéis faoi chosaint a nochtadh ag an am céanna. Beidh feidhm ag an dispeansáid ó fhaisnéis a tharchur fad a mhairfidh na cúiseanna léi.

- (14) D'fhonn an tsoiléireacht dhlíthiúil a mhéadú, is iomchuí na forálacha a leagan síos maidir le tarchur faisnéise atá faoi rún agus maidir le neamh-tharchur faisnéise in dhá Airteagal ar leith. Ina theannta sin, an fhoráil atá ann cheana lena gceadaítear do Bhallstáit rialacha ar leith a leagan síos do ghnóthais, ar ghnóthais iad a bhfuil aidhm na treoraíochta idé-eolaíochta á saothrú acu, ba cheart í sin a aistriú chuig Airteagal maidir leis an mbaint le forálacha náisiúnta eile, toisc go mbaineann sí le cur chun feidhme cheanglais Threoir 2009/38/CE ar bhonn níos leithne.
- (15) Chun dul i gcomhairle le fostaithe ar bhonn trasnáisiúnta agus ar bhonn éifeachtach, teastaíonn fíor-idirphlé idir an lárbhainistíocht agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo. Tugtar le tuiscint leis sin gur gá fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhealach lena gcuirfí ar a gcumas d'ionadaithe fostaithe a dtuairim a chur in iúl sula nglacfar an cinneadh agus nach mór freagra réasúnaithe a fháil ón lárbhainistíocht maidir le tuairimí arna n-eisiúint ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha nó ag ionadaithe fostaithe sula nglacfaidh an lárbhainistíocht a cinneadh maidir leis an mbeart atá beartaithe lena mbaineann. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, agus leibhéal práinne an ábhair á chur san áireamh, go gcuirfí fostaithe ar an eolas agus go rachfaí i gcomhairle leo in am trátha agus go dtabharfaí dóthain ama don Chomhairle Oibreacha Eorpacha agus d'ionadaithe na bhfostaithe a dtuairimí a chur in iúl chun feidhmiú éifeachtach na gceart dá bhforáiltear i dTreoir 2009/38/CE a áirithiú. Gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le bearta cosanta níos déine i gcomhréir le hAirteagal 153 mír 4 CFAE, níor cheart don Treoir leasaitheach seo cosc a chur ar ghnóthais cinntí a ghlacadh i gcás nár tugadh tuairim ón gComhairle Oibreacha Eorpacha laistigh de thréimhse réasúnta ama.

- (16) I ndáil le forálacha Threoir 2009/38/CE maidir le ról agus cosaint ionadaithe fostaithe, ba cheart iad a leasú freisin chun soiléireacht agus cruinneas a mhéadú, go háirithe maidir le comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta agus comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha a chosaint ar fhrithbhearta nó ar dhífhostú. Chun díospóidí a sheachaint, ba cheart a shonrú freisin go n-íocfaidh an lárbhainistíocht as na costais réasúnta a bhaineann le hoiliúint agus costais ghaolmhara chomhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta agus chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, atá riachtanach chun a ndualgais a fheidhmiú, i gcás ina gcuirtear an bhainistíocht ar an eolas faoi na costais sin roimh ré.
- (17) I mBallstáit áirithe, bíonn deacrachtaí ag sealbhóirí ceart faoi Threoir 2009/38/CE caingne dlí a thionscnamh chun a gcearta a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, is gá oibleagáid na mBallstát a neartú maidir le leigheasanna éifeachtacha agus rochtain éifeachtach ar cheartas a áirithiú agus maidir le maoirseacht an Choimisiúin agus na hoibleagáidí sin á gcomhlíonadh acu. Maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus comhlachtaí speisialta caibidlíochta, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta maidir leis an seasamh dlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith acu nó maidir leis an gcineál ionadaíochta atá acu, rochtain ar imeachtaí breithiúnacha a ráthú nó, i gcás inarb ábhartha, imeachtaí riaracháin chun na cearta a shanntar do na Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus do chomhlachtaí speisialta caibidlíochta a fhorfheidhmiú. Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú nach mór do na nósanna imeachta ábhartha forfheidhmiú éifeachtach a chumasú, agus nach féidir le nósanna imeachta um réiteach malartach roimh ré a d'fhéadfadh a bheith ann an ceart atá ag sealbhóirí imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh a bhaint díobh. Chun críoch mhaoirseacht an Choimisiúin ar an oibleagáid thuas a bheith á comhlíonadh ag na Ballstáit, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le conas, i ndáil lena gcearta uile faoin Treoir leasaitheach seo, is féidir leis na sealbhóirí ceart nósanna imeachta breithiúnacha agus, i gcás inarb ábhartha, nósanna imeachta riaracháin a thionscnamh, agus maidir leis na cúinsí faoinar féidir leo déanamh amhlaidh.

(18) Léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún in 2018 ar Threoir 2009/38/CE gur minic nach mbíonn na smachtbhannaí is infheidhme, i gcás nach gcomhlíontar na ceanglais maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, athchomhairleach go leor. Dá bhrí sin, is iomchuí go leagtar síos oibleagáid na mBallstát foráil do phionóis éifeachtacha athchomhairleacha chomhréireacha. Ba cheart foráil a dhéanamh do phionóis airgid i gcás nach gcomhlíontar na nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo mar a leagtar amach i dTreoir 2009/38/CE. Ina theannta sin, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh do chineálacha eile smachtbhannaí. Chun a bheith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, d'fhéadfaí pionóis a chinneadh agus tosca á gcur san áireamh ar nós mhéid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar scála an Chomhphobail – mar shampla, bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil – agus ar aon tosca ábhartha eile – mar shampla tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona.

(18a-nua) Ba cheart na hacmhainní is gá a bheith ag na comhlachtaí speisialta caibidlíochta, ag na Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus ag a gcomhaltaí thar a gceann chun costais na hionadaíochta dlíthiúla agus na rannpháirtíochta in imeachtaí breithiúnacha nó, i gcás inarb ábhartha, in imeachtaí riaracháin a chumhdach. Ba cheart do na Ballstáit a shonrú gur faoin mbainistíocht lárnach a bheidh sé na costais sin a íoc a mhéid atá na costais sin réasúnta nó ba cheart dóibh bearta eile a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear cosc *de facto* ar Chomhairlí Oibreacha Eorpacha páirt a ghlacadh in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha i ngeall ar easpa acmhainní airgeadais. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, trí bhuiséad oibríochtúil iomchuí a leithdháileadh ar Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, trí chistí dlúthpháirtíochta a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta, trí árachais a sholáthar lena gcumhdaítear costais dlí, trí rochtain ar chúnamh dlíthiúil a dheonú in imthosca áirithe nó trí fhorálacha eile i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

(19) Maidir le gnóthais a bhfuil comhaontú acu i ndáil le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, ar comhaontú é a tugadh i gcrích roimh an 23 Meán Fómhair 1996, is é sin le rá roimh dháta chur i bhfeidhm Threoir 94/45/CE ón gComhairle¹⁶, tá na gnóthais sin díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a eascraíonn as Treoir 2009/38/CE. Maidir leis na comhlachtaí chun fostaithe a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo, ar comhlachtaí iad a bunaíodh faoi na comhaontaithe sin, tugadh i gcrích iad agus leanann siad de bheith ag oibriú lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais. Maidir le Treoir 2009/38/CE, ní féidir le fhostaithe sna gnóthais dhíolmhaithe iarraidh go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpach faoin Treoir sin. Mar sin féin, agus ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, cóir chomhionann, agus éifeachtacht, ba cheart, i bprionsabal, é a bheith de cheart ag fostaithe agus ag ionadaithe fostaithe i ngach gnóthas ar scála an Chomhphobail, nó i ngach grúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail, a iarraidh go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpacha. Beagnach 30 bliain tar éis creat reachtach a bhunú lena leagtar síos íoscheanglais den chéad uair ar leibhéal an Aontais maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta, tá forlámhas ag na cúiseanna sin ar bhreithnithe leanúnachais maidir le comhaontuithe a bhí ann cheana, agus ba iad na cúiseanna sin a spreag an díolúine ar dtús. Ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine sin a scriosadh. Ba cheart tionscnamh agus seoladh na caibidlíochta chun Comhairlí Oibreacha Eorpacha a bhunú sna gnóthais sin an nós imeachta mar a leagtar amach sa Treoir seo a leanúint agus ba cheart an tréimhse ar ina diaidh a thiocfaidh na focheanglais i bhfeidhm a laghdú go 2 bhliain seachas 3 bliana, i gcomhréir leis an tréimhse is infheidhme maidir le comhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha atá ann cheana a oiriúnú.

¹⁶ Treoir 94/45/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 1994 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpacha nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 254, 30.9.1994, lch. 64, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1994/45/oj>).

- (20) Thairis sin, chun na breithnithe céanna a dhéanamh, ba cheart feidhm a bheith ag na híoscheanglais chéanna maidir le gach gnóthas ar scála an Chomhphobail a bhfuil Comhairlí Oibreacha Eorpacha acu a fheidhmíonn faoi Threoir 2009/38/CE agus maidir leis na gnóthais sin inar síníodh nó inar athbhreithníodh comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha idir an 5 Meitheamh 2009 agus an 5 Meitheamh 2011. Dá bhrí sin, ba cheart díolúine na ngnóthas sin ó chur i bhfeidhm Threoir 2009/38/CE a scriosadh freisin.
- (20a-nua) Ba cheart feidhm a bheith ag na híoscheanglais chéanna maidir le gach gnóthas ar scála an Chomhphobail ag a bhfuil Comhairle Oibreacha Eorpacha a oibríonn faoi Threoir 2009/38/CE. Ba cheart do na Ballstáit socruithe idirthréimhseacha a sholáthar go háirithe lena gcumasaítear na páirtithe i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha nó i gcomhaontuithe maidir le nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, arna dtabhairt i gcrích faoi Threoir 94/45/CE nó faoi Threoir 2009/38/CE roimh [IO: cuir isteach an dáta óna mbeidh feidhm ag na forálacha trasuite, a leagtar amach sa dara fomhír d’Airteagal 2(1) den Treoir leasaitheach seo], nach bhfuil i gcomhréir leis na ceanglais athbhreithnithe a bhaineann le hinneachar na gcomhaontuithe sin chun oiriúnuithe a chaibidliú. I gcás ar bith, ba cheart do na páirtithe i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha atá ann cheana nó i gcomhaontuithe maidir le nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo na híoscheanglais is infheidhme a urramú.
- (21) Tá sé de cheart ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha a fheidhmíonn bunaithe ar na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE bualadh leis an lárbhainistíocht uair sa bhliain, chun go gcuirfear ar an eolas iad agus go rachfar i gcomhairle leo maidir le dul chun cinn ghnó an ghnóthais ábhartha ar scála an Chomhphobail, nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail, agus maidir lena bhfuil i ndán don ghnóthas. Maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta, chun an próiseas sin a neartú, is iomchuí líon na gcruinnithe iomlánacha bliantúla sin sna ceanglais choimhdeacha a mhéadú go dhá chruinniú, ar gá a bheith i láthair go pearsanta ag ceann amháin díobh ar a laghad.
- (22) Ina theannta sin, ba cheart athruithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na téarmaí achtúcháin.

(23) Dá bhrí sin, is iomchuí Treoir 2009/38/CE a leasú chun gach gnóthas incháilithe a thabhairt faoina raon feidhme, chun roinnt de phríomhchoincheapa na Treorach sin a shoiléiriú, chun feabhas a chur ar an bpróiseas chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta, agus chun sásamh agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú.

[...]

(25) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon éifeachtacht cheanglais Threoir 2009/38/CE maidir le faisnéis a thabhairt d'fhostaithe gnóthas ar scála an Chomhphobail agus grúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail agus dul i gcomhairle leo a áirithiú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr chineál agus scála trasnáisiúnta na gceanglas sin, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(26) De bhun Airteagal 27 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, beidh daoine faoi mhíchumas in ann a gcearta saothair agus ceardchumainn a fheidhmiú ar bhonn comhionann le daoine eile. Ós rud é go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún sin, tá Treoir 2009/38/CE agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha le léirmhíniú i gcomhréir leis an bprionsabal sin, mar shampla maidir le hinrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta do chomhaltaí comhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, agus ionadaithe fostaithe a fheidhmíonn a bhfeidhmeanna, mar aon leis an lárbhainistíocht a bheith ag íoc as na costais ghaolmhara.

- (27) I gcomhréir le Treoir 2014/23/AE¹⁷, Treoir 2014/24/AE¹⁸ agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹, tá na Ballstáit le bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoírí eacnamaíocha na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais agus conarthaí poiblí á gcomhlíonadh acu. Trí chritéir inbhuanaitheachta sóisialta a chomhtháthú, de réir mar is iomchuí, sna critéir dhámhachtana arna gceapadh ag eintitis chonarhacha a dhéanann na tairiscintí is buntáistí go heacnamaíoch a shainaitheint, is féidir rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas faoin Treoir seo. Mar sin féin, ní chruthaítear aon oibleagáid bhreise leis an Treoir seo i ndáil leis na Treoracha sin.
- (28) Chun a ndóthain ama a thabhairt d'ionadaithe fostaithe agus don lár bhainistíocht i ngnóthais ar scála an Chomhphobail, nó i ngrúpaí gnóthas ar scála an Chomhphobail, chun na híoscheanglais athbhreithnithe a mheas agus chun ullmhú dá gcur i bhfeidhm, tá sé iomchuí cur i bhfeidhm na bhforálacha arna nglacadh ag na Ballstáit lena gcomhlíonfar an Treoir seo a chur siar 2 bhliain,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

¹⁷ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

¹⁸ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

¹⁹ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2009/38/CE mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Measfar cúrsaí a bheith ina gcúrsaí trasnáisiúnta i gcás inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go mbainfidh na cúrsaí sin leis an ngnóthas ar scála an Chomhphobail nó leis an ngrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail ina iomláine, nó le dhá ghnóthas nó dhá bhunaíocht ar a laghad de chuid an ghnóthais nó de chuid an ghrúpa atá in dhá Bhallstát éagsúla.

Measfar na coinníollacha sin a bheith comhlíonta sna cásanna seo a leanas:

- a) is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail difear d’fhostaithe an ghnóthais nó an ghrúpa sin, nó dá mbunaíochtaí i níos mó ná aon Bhallstát amháin;
- (b) is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail difear d’fhostaithe an ghnóthais nó an ghrúpa sin, nó dá mbunaíochtaí i mBallstát amháin, agus is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfadh iarmhairtí na mbeart sin difear dá bhfostaithe i mBallstát eile.’;

(2) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):

‘(f) ciallaíonn ‘fostaithe a chur ar an eolas’ an fostóir a tharchur sonraí chuig ionadaithe fostaithe chun é a chur ar a gcumas dóibh eolas a fháil faoin ábhar agus scrúdú a dhéanamh air;

(g) ciallaíonn ‘dul i gcomhairle le fostaithe’ idirphlé a bhunú agus tuairimí a mhalartú idir ionadaithe fostaithe agus an lárbhainistíocht nó aon leibhéal bainistíochta eile a bheadh níos iomchuí;’;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b):

‘(b) Toghfar nó ceapfar comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta i gcomhréir le líon na bhfostaithe atá fostaithe i ngach Ballstát ag an ngnóthas ar scála an Chomhphobail nó ag an ngrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail, ar bhealach a fhéachann le hionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, trí shuíochán amháin a leithdháileadh i leith gach Ballstáit in aghaidh na gcodán d’fhostaithe atá fostaithe sa Bhallstát céanna sin, arb ionann é agus 10 %, nó codán den chéatadán sin, de líon na bhfostaithe atá fostaithe sna Ballstáit uile i dteannta a chéile;’;

(b) leasaítear mír 6 mar a leanas:

– sa chéad fhomhír, cuirtear na habairtí seo a leanas léi:

‘Áireofar ar na speansais sin costais réasúnta saineolaithe, lena n-áirítear costais le haghaidh saineolaithe dlí, a mhéid is gá chun na críche sin. Cuirfear an lárbhainistíocht ar an eolas faoi na speansais, sula dtabhófar iad.’;

– sa dara fhomhír, scriostar an dara habairt;

(4) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) na feidhmeanna agus an nós imeachta maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle léi, mar aon leis na socruithe chun an Chomhairle Oibreacha Eorpacha a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle léi a nascadh le comhlachtaí náisiúnta ionadaíochta fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, i gcomhréir leis na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus Airteagal 9;

(d) formáid, ionad, minicíocht, agus fad chruinnithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha;’;

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) na hacmhainní airgeadais agus ábhartha atá le leithdháileadh ar an gComhairle Oibreacha Eorpacha, lena n-áirítear ar a laghad i ndáil leis na gnéithe seo a leanas:

– an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe dlí, chun cabhrú leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha i ndáil lena cuid feidhmeanna a chomhlíonadh;

– [...]

– oiliúint ábhartha a chur ar fáil do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha gan dochar don íoscheanglas in Airteagal 10(4), an chéad fhomhír;’;

(b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Déanfaidh lucht lárbhainistíochta agus an comhlacht speisialta caibidlíochta, agus comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha á chaibidil nó á athchaibidil aici nó aige, na socruithe is gá a chomhaontú agus a leagan síos chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, a mhéid is féidir, agus gan dochar do na dlíthe agus cleachtais náisiúnta maidir le hionadaithe fostaithe a thoghadh agus a cheapadh, arb é atá i gceist leis an gcuspóir sin go mbeadh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus d’fhir mar chomhaltaí, agus i gcás inarb infheidhme, go mbeadh an roghchoiste comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus fir mar chomhaltaí freisin.’;

(5) in Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

‘– i gcás nach dtionólfar an chéad chruinniú den chomhlacht speisialta caibidlíochta ag lucht lárbhainistíochta laistigh de 6 mhí tar éis iarraidh air sin de bhun Airteagal 5(1),’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Faisnéis a chur ar fáil faoi rún

1. Maidir le comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí de Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, agus aon saineolaí a thugann cúnamh dóibh, déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh an t-údarás acu faisnéis a nochtadh, ar faisnéis í a chuir lucht lárbhainistíochta ar fáil dóibh go sainráite faoi rún. Ina theannta sin, féadfaidh lucht lárbhainistíochta socruithe iomchuí a chur ar bun maidir le faisnéis a tharchur agus a stóráil chun cuidiú le rúndacht na faisnéise arna cur ar fáil faoi rún a chosaint.
2. Nuair a chuirfidh lucht lárbhainistíochta faisnéis ar fáil faoi rún i gcomhréir le mír 1, cuirfidh sí comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe ar an eolas, faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, faoi na cúiseanna a thugann údar leis an bhfaisnéis sin a chur ar fáil faoi rún.

3. Beidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 fós, cibé áit a bhfuil na daoine dá dtagraítear i mír 1, fiú tar éis dá dtéarmaí oifige dul in éag, go dtí, go gcomhaontófaí le lucht lárbhainistíochta go meastar go bhfuil na cúiseanna ab údar léi imithe i léig.’;

(7) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8a

Neamh-tharchur faisnéise ar fhorais shonracha

1. I gcásanna sonracha agus faoi na coinníollacha agus na teorainneacha a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit foráil nach bhfuil sé d’oibleagáid ar lucht lárbhainistíochta atá lonnaithe ar a chríoch faisnéis a tharchur chuig comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó chuig ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, agus chuig aon saineolaí a thugann cúnamh dóibh, i gcás ina ndéanfaidh sé dochar tromchúiseach d’fheidhmiú na ngnóthas lena mbaineann, de réir critéir oibiachtúla.

Féadfaidh Ballstát an díolúine sin a chur faoi réir réamhúdarú riaracháin nó breithiúnach.

2. I gcás nach dtarchuirfidh lucht lárbhainistíochta faisnéis ar na forais dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh sí comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe ar an eolas, faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, faoi na cúiseanna a thugann údar le neamh-tharchur na faisnéise.
3. Beidh feidhm fós ag an dispeansáid ó fhaisnéis a tharchur i gcomhréir le mír 1 go dtí go mbeidh na cúiseanna lena dtugtar údar leis imithe i léig.’;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 9 agus 10:

‘Airteagal 9

Oibriú na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus an nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo

1. Oibreoidh lucht lárbhainistíochta agus an Chomhairle Oibreacha Eorpacha de mheon an chomhair agus le haird chuí ar a gcearta agus a n-oibleagáidí cómhalartacha.

Beidh feidhm aige sin freisin maidir le comhar idir lucht lárbhainistíochta agus ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo.

2. Tabharfar faisnéis faoi chúrsaí trasnáisiúnta ag tráth, ar bhealach, agus leis an ábhar is iomchuí chun é a chur ar a gcumas d’ionadaithe fostaithe grinnmheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu agus, i gcás inarb iomchuí, ullmhú do chomhairliúcháin le horgán inniúil an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail.

3. Rachfar i gcomhairle leo an tráth sin, agus ar an mbealach sin, agus leis an ábhar sin ós rud é go gcuireann sé ar a gcumas d’ionadaithe fostaithe a dtuairim a thabhairt sula nglacfar an cinneadh agus, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír 2, gan dochar d’fhreagrachtaí na bainistíochta, agus laistigh de thréimhse réasúnta ama, mar aon le práinn an ábhair á cur san áireamh. Beidh ionadaithe fostaithe i dteideal freagra réasúnaithe i scríbhinn a fháil ó lucht lárbhainistíochta nó ó ionadaithe ar aon leibhéal bainistíochta a bheadh níos iomchuí sula nglacfar an cinneadh maidir leis na bearta lena mbaineann, ar choinníoll go gcuireann na hionadaithe fostaithe a dtuairim in iúl laistigh de thréimhse réasúnta ama i gcomhréir leis an gcéad abairt.

Airteagal 10

Ról agus cosaint ionadaithe fostaithe

1. Gan dochar d'inniúlacht chomhlachtaí nó eagraíochtaí eile i ndáil leis sin, beidh sé de chumas ag na hionadaithe fostaithe, lena n-áirítear comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta agus comhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, na cearta a eascraíonn as an Treoir seo a chur i bhfeidhm, chun ionadaíocht chomhchoiteann a dhéanamh ar leasanna fhostaithe an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail.
2. Gan dochar d'Airteagail 8 agus 8a, cuirfidh comhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha ionadaithe fhostaithe na mbunaíochtaí nó na ngnóthas i ngrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail nó, in éagmais ionadaithe fostaithe, an lucht saothair ina iomláine ar an eolas faoi ábhar agus toradh an nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, go háirithe roimh na cruinnithe le lucht lárbhainistíochta agus i ndiaidh na gcruinnithe sin agus beidh acu modhanna riachtanacha chun sin a dhéanamh.
3. Agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú ag comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, agus ionadaithe fostaithe a fheidhmíonn a bhfeidhmeanna faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(3), beidh cosaint agus ráthaíochtaí acu atá coibhéiseach leis an gcosaint agus na ráthaíochtaí sin d'ionadaithe fostaithe faoin reachtaíocht náisiúnta agus faoin gcleachtas atá i bhfeidhm ina dtír fostaíochta.

Beidh feidhm aige sin go háirithe maidir le freastal ar chruinnithe de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó de Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ar aon chruinniú eile faoi chuimsiú an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(3), pá a íoc le haghaidh comhaltaí atá ar fhoireann an ghnóthais ar scála an Chomhphobail nó ar fhoireann an ghrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail ar feadh na tréimhse neamhláithreachta is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh, mar aon le cosaint ar fhrithbhearta nó ar an dífhostú.

Beidh comhalta de chomhlacht speisialta caibidlíochta nó de Chomhairle Oibreacha Eorpacha, nó comhalta malartach an chomhalta sin, ar comhalta é de chriú soithigh farraige, i dteideal páirt a ghlacadh i gcrúinniú den chomhlacht speisialta caibidlíochta nó den Chomhairle Oibreacha Eorpacha, nó in aon chruinniú eile faoi aon nósanna imeachta arna mbunú de bhun Airteagal 6(3), i gcás nach mbeidh an comhalta nó an comhalta malartach sin ar muir nó i gcalafort i dtír nach í an tír ina bhfuil sainchónaí ar an gcuideachta loingseoireachta, nuair a bheidh an cruinniú ar siúl.

Déanfar cruinnithe a sceidealú, i gcás inarb indéanta, ionas go n-éascófar rannpháirtíocht comhaltaí nó comhaltaí malartacha, ar comhaltaí de chriúnna soithigh farraige iad.

I gcásanna nach féidir le comhalta de chomhlacht speisialta caibidlíochta nó de Chomhairle Oibreacha Eorpacha, nó comhalta malartach an chomhalta sin, ar comhalta de chriú soithigh farraige é, freastal ar chruinniú, breithneofar an fhéidearthacht úsáid a bhaint, i gcás inar féidir, as teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide.

4. A mhéid is gá chun a ndualgais ionadaíochta a fheidhmiú i dtimpeallacht idirnáisiúnta, cuirfear oiliúint, gan tuarastal a chailleadh, ar fáil do chomhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta agus do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha.

Gan dochar do chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 6(2), pointe (f), beidh ar lucht lárbhainistíochta costais réasúnta na hoiliúna agus na speansais ghaolmhara sin a íoc, ar choinníoll gur cuireadh lucht lárbhainistíochta ar an eolas fúthu roimh ré.';

(9) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta iomchuí más rud é nach gcomhlíontar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo. Go háirithe, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha ar fáil ionas go mbeifear in ann na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach;

(b) go mbeidh feidhm ag pionóis atá éifeachtach, athchomhairleach, agus comhréireach maidir le cásanna ina sáraítear na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo.

I gcás ina mainnítear na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear na hoibleagáidí faoi Airteagal 9(2) agus (3) a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le pionóis airgeadais.

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘3. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le nósanna imeachta achomhairc riaracháin nó breithiúnacha a fhéadfaidh comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta, comhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe a thionscnamh nuair a chuireann lucht lárbhainistíochta faisnéis ar fáil faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 8 nó nuair nach dtarchuireann sí faisnéis ar fhorais shonracha i gcomhréir le hAirteagal 8a.’;

– cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Beidh fad na nósanna imeachta, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcomhréir le feidhmiú éifeachtach na gceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo faoin Treoir seo.’;

(bb-nua) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

‘3a. Maidir leis na cearta a thugtar leis an Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éifeachtach ar imeachtaí breithiúnacha nó, i gcás inarb ábhartha, ar imeachtaí riaracháin do Chomhairlí Oibre Eorpacha agus comhlachtaí caibidlíochta speisialta, nó, thar a gceann, dá gcomhaltaí nó dá n-ionadaithe. Forálfaidh na Ballstáit gurb é an lucht bainistíochta lárnach a sheasfaidh costais réasúnta na hionadaíochta dlíthiúla agus na rannpháirtíochta sna himeachtaí sin nó déanfaidh siad bearta eile chun aon srian *de facto* ar an rochtain sin a sheachaint ar chúiseanna a bhaineann le heaspa acmhainní airgeadais.’

(c) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach:

4. I gcás ina gcuireann na Ballstáit coinníoll le rochtain a fháil ar imeachtaí dlíthiúla nuair a chuirfear réiteach malartach díospóide chun feidhme roimh ré, ní dhéanfaidh an nós imeachta sin dochar do cheart na bpáirtithe lena mbaineann imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.’;

(10) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘6. Féadfaidh gach Ballstát forálacha ar leith a leagan síos do lucht lárbhainistíochta sna gnóthais ina chríoch a shaothraíonn go díreach agus go bunúsach aidhm na treoraíochta idé-eolaíochta maidir le faisnéis agus tuairimí a chur in iúl, ar choinníoll go bhfuil na forálacha áirithe sin le fáil sa reachtaíocht náisiúnta cheana, ar an dáta a ghlacfar an Treoir seo.’;

(11) scriostar Airteagal 14;

(12) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 14a

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo arna thabhairt i gcrích roimh *[Iris Oifigiúil: cuir isteach an dáta óna mbeidh feidhm ag na forálacha trasuite, a leagtar amach in Airteagal 2(1), an dara fomhír, den Treoir leasaitheach seo]*, i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Threoir 94/45/CE nó le hAirteagail 5 agus 6 den Treoir seo, i gcás nach bhfuil an comhaontú sin i gcomhréir le haon cheann de na heilimintí ná na ceanglais d’Airteagal 6, tar éis *[Iris Oifigiúil: cuir isteach an dáta óna mbeidh feidhm ag na forálacha trasuite, a leagtar amach in Airteagal 2(1), an chéad fhomhír, den Treoir leasaitheach seo]*, mar thoradh ar na leasuithe arna dteacht i bhfeidhm an *[Iris Oifigiúil: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo]*, cuirfidh lucht lárbhainistíochta tús le caibidlíocht chun an comhaontú sin a oiriúnú, arna iarraidh sin, i scríbhinn do 100 fostaí ar a laghad, nó dá n-ionadaithe in dhá ghnóthas nó in dhá bhunaíocht ar a laghad, in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad, do na heilimintí agus na ceanglais sin d’Airteagal 6. Ina theannta sin, féadfaidh lucht lárbhainistíochta an chaibidlíocht sin a thionscnamh ar a tionscnamh féin. Féadfar an chaibidlíocht sin a theorannú d’fhorálacha an chomhaontaithe nach bhfuil i gcomhréir leis na heilimintí agus na ceanglais sin d’Airteagal 6.

2. Maidir le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo, i gcás ina bhfuil socruithe nós imeachta ann chun é a oiriúnú nó a athchaibidil, d'fhéadfaí an t-oiriúnú a chaibidil de bhun na socruithe sin. Seachas sin, déanfar an t-oiriúnú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 5 i gcomhar leis an dara mír agus leis an tríú mír d'Airteagal 13.
3. Nuair nach dtiocfaidh comhaontú as nós imeachta oiriúnaithe faoin Airteagal seo laistigh de 2 bhliain ó dháta na hiarrata ábhartha ó fhostaithe nó óna n-ionadaithe nó ó dháta tionscnaimh na caibidlíochta lucht lárbhainistíochta ar a tionscnamh féin, beidh feidhm ag na focheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
4. Ní bheidh sé d'éifeacht ag an Airteagal seo na páirtithe i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha ná i gcomhaontuithe maidir le nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a dhíolmhú ó na híoscheanglais is infheidhme sa Treoir seo a urramú.

(12a-nua) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

Airteagal 14b

I gcás ina dtionscnófar caibidlíocht de bhun Airteagal 5 chun comhaontú a thabhairt i gcrích faoin Treoir seo i ngnóthas ar scála an Chomhphobail nó i ngrúpa gnóthas ar scála an Chomhphobail ina ndearnadh comhaontú lena gcumhdaítear an lucht saothair ar fad lena bhforáiltear d'fhostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta a thabhairt i gcrích roimh dháta chur i bhfeidhm Threoir 94/45/CE agus ina bhfuil sé fós i bhfeidhm, déanfar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 7(1), fleasc a trí, a laghdú go 2 bhliain. Ní dhéanfaidh tionscnamh na caibidlíochta difear do théarmaí na gcomhaontuithe atá i bhfeidhm cheana féin.';

(13) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

1. Na bearta reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin *[Iris Oifigiúil: cuir isteach an dáta dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]* [roimh...]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Beidh na bearta sin i bhfeidhm ón *[Iris Oifigiúil: cuir isteach an dáta dhá bhliain ón dáta a leagtar amach sa chéad fhomhír]*.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt don Treoir seo ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar an tagairt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit a gcuid forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur in iúl don Choimisiún.

Maidir leis na leasuithe dá bhforáiltear in Airteagal 1, pointe 8, den Treoir sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin *[Iris Oifigiúil: Cuir isteach an dáta ón gcéad fhomhír de mhír 1]* de na modhanna trínar féidir leis na Comhairlí Oibreacha Eorpacha, na comhlachtaí speisialta caibidlíochta, agus ionadaithe fostaithe, i gcomhréir le hAirteagal 11(2), (3), (3a) agus (4) de Threoir 2009/38/CE, arna leasú, imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh, agus i gcás inarb infheidhme, imeachtaí riaracháin, maidir leis na cearta uile faoin Treoir sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa *Thar ceann na Comhairle*

An tUachtarán

An tUachtarán
